2026/2063

15.9.2026

# CINNEADH (CBES) 2026/2063 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

**an 10 Meán Fómhair 2026**

**maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2025/2010 (EUTM RCA/1/2026)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2016/610 ón gComhairle an 19 Aibreán 2016 maidir le Misean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) [1], agus go háirithe Airteagal 5(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 5(1) de Chinneadh (CBES) 2016/610, feidhmíonn an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Míleata CBSC an Aontais Eorpaigh i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA), agus údaraítear é na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 38 den Chonradh, lena n-áirítear cinntí maidir le Ceannasaithe Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ina dhiaidh sin a cheapadh.

(2) An 25 Meán Fómhair 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/2010 [2], lena gceaptar an Briogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 30 Meán Fómhair 2025.

(3) An 23 Iúil 2026, mhol údaráis mhíleata na Rómáine go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Irinel APOSTOLESCU chun teacht i gcomharbas ar an mBriogáidire-Ghinearál Claudiu-Mădălin TAMAŞ mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ('an ceapachán molta').

(4) An 27 Iúil 2026, thacaigh Ceannasaí Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA leis an gceapachán molta.

(5) An 29 Iúil 2026, mhol Coiste Míleata an Aontais Eorpaigh go gceapfaí an Briogáidire-Ghinearál Irinel APOSTOLESCU mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA ón 16 Meán Fómhair 2026.

(6) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir leis an mBriogáidire-Ghinearál Irinel APOSTOLESCU a cheapadh mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar EUTM RCA.

(7) Ba cheart Cinneadh (CBES) 2025/2010 a aisghairm,

[1] IO L 104, 20.4.2016, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2016/610/oj.

[2] Cinneadh (CBES) 2025/2010 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 25 Meán Fómhair 2025 maidir le Ceannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh a cheapadh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/2192 (EUTM RCA/1/2025) (IO L, 2025/2010, 3.10.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/2010/oj).

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Ceaptar an Briogáidire-Ghinearál Irinel APOSTOLESCU mar Cheannasaí Fórsa Mhisean an Aontais Eorpaigh ar Mhisean CBSC an Aontais Eorpaigh le haghaidh Oiliúint Mhíleata i bPoblacht na hAfraice Láir (EUTM RCA) ón 16 Meán Fómhair 2026.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2025/2010 a aisghairm.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 16 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Meán Fómhair 2026.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

L. MANDEL VENSILD